An Roinn Oideachais agus Scileanna

Cigireacht Ábhair ar an nGaeilge
TUAIRISC

Coláiste Chathail Naofa
Dún Garbhán, Contae Phort Láirge
Uimhir Rolla: 72220T

Dáta na cigireachta: 25 Aibreán 2012

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

TUAIRISC
AR
CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA GHAEILGE

EOLAS MAIDIR LEIS AN GCIGIREACHT

Dáta(í) na cigireachta	24 Aibreán 2012
Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu • Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha • Plé leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí • Caidreamh le scoláirí	• Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith cúig thréimhse ranga • Athbhreithniú ar obair na scoláirí • Aiseolas don phríomhoide agus do na múinteoirí

PRÍOMHCHINNTÍ

- Bhí úsáid na Gaeilge mar theanga bhainistíochta, chaidrimh agus mhúinte an-mhaith nó ar fheabhas i bhformhór mór na ranganna a breathnaíodh.
- Moltar an úsáid a baineadh as teicneolaíocht faisnéise agus na cumarsáide (TFC) i roinnt de na ranganna a breathnaíodh ach beidh gá le caighdeán an ábhair a ardú de réir mar a dhéantar úsáid TFC a fhorbairt sa scoil.
- Moltar go mór na cur chuigí gníomhacha a breathnaíodh in úsáid sna ranganna Gaeilge a chinntigh go raibh luas maith leis na ceachtanna agus go raibh na scoláirí gafa leis an bhfoghlaim.
- Moltar an obair atá déanta go dáta ar phleanáil do mhúineadh agus foghlaim na Gaeilge ón gcigireacht ábhair dheireannach (2006).
- Tugadh aird mhaith ar mhúineadh bhriathra na Gaeilge agus gramadach na Gaeilge i gcoitinne ach i gcásanna áirithe áfach níor tugadh dóthain aird ar na gnéithe sin den teanga.

PRÍOMH-MHOLTAÍ

- Moltar breis béime a leagan ar úsáid obair bheirte agus ar straitéisí cumarsáide eile d'fhonn na scoláirí a spreagadh le tabhairt faoi labhairt na teanga.
- Ba cheart feidhm níos leithne a bhaint as an athrá agus straitéisí eile d'fhonn a chinntiú gur féidir le scoláirí focail agus frasaí nua a fhuaimniú i gceart.
- Moltar díriú ar bhealaí níos éifeachtaí le cabhrú le scoláirí a bhfuil deacrachtaí acu le foghlaim na teanga trí bhileoga eolais agus saothair níos so-léite agus níos oiriúnaí a a chur ar fáil.

RÉAMHRÁ

Scoil réasúnta beag is ea í Coláiste Chathail Naofa le rollúchán reatha de 151 scoláire ag an dara leibhéal. Cuireann an scoil réimse leathan cúrsaí ar fáil lena n-áirítear Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh, Gairmchlár na hArdteistiméireachta, an Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus cúrsaí iar-Ardteistiméireachta.

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Bhí úsáid na Gaeilge mar theanga bhainistíochta, mhúinte agus chaidrimh an-mhaith nó ar fheabhas i bhformhór na ranganna a breathnaíodh. Rinneadh iarrachtaí fónta i bhformhór na gceachtanna gan dul i muinín an aistriúcháin ó Ghaeilge go Béarla agus moltar an cur chuige sin. Bhí cás amháin a breathnaíodh áfach, ina raibh gá le níos mó den teagasc a dhéanamh trí mheán na sprioctheanga. Moltar go mbeadh polasaí aontaithe i measc na foirne i leith úsáid na sprioctheanga.
- Cuireadh aidhm an cheachta in airde ar an gclár bán ag an tús i gcás cúpla ceacht a breathnaíodh. Moltar an cur chuige seo ach d'fhéadfaí é a fhorbairt i dtreo is go gcuirfí na spriocanna foghlama in airde ag an tús agus go ndéanfaí athbhreithniú orthu sin ag deireadh an cheachta.
- Baineadh úsáid as obair bheirte agus straitéisí eile chun foghlaim idirghníomhach a chinntiú sna ranganna go léir a breathnaíodh. Tosaíodh ceacht amháin le ceisteanna oscailte ar shaol na scoláirí féin. Baineadh úsáid as cluiche sa rang i gcúpla cás eile. Is dea-chleachtais iad siúd agus chinntigh siad go raibh luas maith leis na ceachtanna go léir agus go raibh na scoláirí gafa lena gcuid foghlama féin.
- Ní mór a chinntiú áfach, go gcinntítear go bhfuil fíorchumarsáid sa teanga mar thoradh ar chuid de na gníomhaíochtaí seo. Tá sé fíorthábhachtach go ndéanfaí athbhreithniú rialta ar an méid deiseanna a bhíonn ag scoláirí chun an sprioctheanga a úsáid agus líon na ndeiseanna sin a mhéadú de réir mar is gá.
- Rinneadh ullmhúchán cúramach do na ceachtanna go léir. Moltar an úsáid a baineadh as TFC le linn ceachtanna áirithe. Chuir sé go mór le spéis na scoláirí agus le héifeacht an teagaisc. Moltar go n-úsáidfí íomhánna agus ábhar ar ardchaighdeán a thaitneodh leis na scoláirí agus go ndéanfaí ábhair shimplí leanbhaíoch a sheachaint.
- Rinneadh iarrachtaí an-mhaith le linn cúpla ceacht abairtí iomlána a lorg ó scoláirí seachas brath ar fhreagraí aonfhocal. I gcás amháin a breathnaíodh, caitheadh roinnt mhaith ama ag iarraidh ar scoláirí freagraí níos faide agus níos casta a chur le chéile.
- I gcásanna eile, leagadh an bhéim chuí ar fhoghlaim agus ar cheart úsáid na mbriathra. Bhí gnéithe d'fhoghlaim ghramadach na Gaeilge fite fuaite trí fhormhór mór na gceachtanna ach ba ghá breis airde a dhíriú air seo i gcúpla cás.
- Tugadh moladh leanúnach d'iarrachtaí na scoláirí fad is a bhí na ceachtanna ag dul ar aghaidh. Cé go raibh leagan amach na seomraí ranga oiriúnach ar an iomlán, bhí cás amháin ach go háirithe ina mbeadh éifeacht níos mó leis an teagasc dá mbeadh na scoláirí ag suí le chéile ar bhonn níos eagraithe.
- Tugadh aird ar chúrsaí litearthachta le linn na gceachtanna a breathnaíodh. Scríobhadh focail agus frasaí nua ar an gclár bán agus bhí leabhar eochairfhocail ag scoláirí i ranganna áirithe.
- Tugadh bileoga saothair amach i gcúpla cás, áfach, nach raibh iomlán oiriúnach ó thaobh méid an chló i gcás amháin agus so-thuigtheacht na bpictiúr i gcás eile. Moltar a chinntiú

go bhfuil an t-ábhar atá in úsáid sna ranganna suas chun dáta, so-léite agus tarraingteach do scoláirí.

- Bhí roinnt mhaith oibre scríofa sna cóipleabhair a breathnaíodh. Ba léir go dtugtar agus go gceartaítear obair bhaile go rialta.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE.

- Tá an soláthar don Ghaeilge ar thráthchlár na scoile go maith le cúig thréimhse sa tseachtain ar fáil do na ranganna go léir sa scoil.
- Déantar iarracht ceachtanna Gaeilge a thráthchlárú i seomra ranga ar leith ionas gur féidir timpeallacht spreagúil Ghaelach a chruthú sa seomra agus moltar an cur chuige seo os rud é nach bhfuil a gcuid seomraí ranga féin ag na múinteoirí.
- Déantar iarrachtaí fónta sa scoil Seachtain na Gaeilge a cheiliúradh trí réimse imeachtaí agus comórtaisí a reáchtáil. Moltar freisin na deiseanna eile a thugtar do scoláirí an Ghaeilge a bhlaiseadh mar theanga bheo, mar shampla, trí surfáil as Gaeilge agus turais chun na hamharchlainne má tá seó oiriúnach ar stáitse.
- Cuirtear scrúdú béil ar na scoláirí sa chúigiú agus sa séú bliain mar ullmhúchán don bhéalscrúdú Ardteistiméireachta. Déantar measúnú neamhfhoirmeálta ar scileanna cumarsáide scoláirí na céadbhliana. Moltar an dea-chleachtas seo a leathnú amach agus a chinntiú go gcuirtear scrúdú béil foirmeálta ar na scoláirí ar fad sa scoil. Ba cheart go léireofaí torthaí an mheasúnaithe seo sna tuairiscí a chuirtear chuig tuismitheoirí.
- Tá teacht ag na múinteoirí ar réimse acmhainní teagaisc chomh maith le háiseanna maithe TFC. Moltar feardal acmhainní a chur le chéile agus an liosta acmhainní a bheidh mar thoradh air sin a chur sa phlean do mhúineadh agus foghlaim na teanga.

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

- Ainmnítear comhordaitheoir ar phleanáil do mhúineadh agus foghlaim na Gaeilge sa scoil i measc na múinteoirí Gaeilge agus déantar an fhreagracht seo a mhalartú i measc na múinteoirí go léir.
- Tá miontuairiscí ar fáil ó chruinnithe na múinteoirí Gaeilge a léiríonn go bpléitear roinnt na ranganna Gaeilge agus caighdeán scoláirí. Moltar go gcoimeádfaí miontuairiscí níos iomlána ag tabhairt cur síos ar phlé gairmiúil ar mhodhanna múinte, straitéisí cumarsáide agus pleanáil d'úsáid TFC le linn na gceachtanna. Ba cheart taifead a choinneáil freisin ar chinntí a ghlacadh agus pleananna don todhchaí.
- Moltar an obair a rinneadh ar an bplean do mhúineadh agus foghlaim na Gaeilge ón gcigireacht ábhair dheireannach sa Ghaeilge (2006). Ba léir gur caitheadh am agus dua leis. Ba cheart tógaint ar an obair sin anois agus na scéimeanna oibre a leagan amach ar bhonn níos comhtháite le mionsonraí faoi mhodhanna múinte, cur chuigí téamacha, acmhainní teagaisc, spriocanna foghlama agus modhanna measúnaithe.

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinntí agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí ábhair. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce; ba rogha leis an mbord glacadh leis an tuairisc gan freagra a thabhairt.

Foilsithe Feabhra 2013